**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann chuige ar an bpáipéar seo.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh

- Maidir le Ceist 1 ar leathanaigh *2, 3, 4* agus *5*
  Freagair na trí chuid (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 ar leathanaigh *6, 7, 8, 9* agus *10*
  Freagair cuid (A) nó cuid (B)
- Maidir le Ceist 3 ar leathanaigh *11, 12* agus *13*
  Freagair cuid (A) AGUS cuid (B) nó cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 ar leathanaigh *14, 15* agus *16*
  Freagair an DÁ chuid (A) agus (B)
- Maidir le Ceist 5 ar leathanaigh *17* agus *18*
  Seiceáil ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfhótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

## CEIST 1
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Bhaintí úsáid as seol snáithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) san fhíodóireacht | ✓ | (b) sa scríbhneoireacht | ☐ | |
| (c) sa ghlantóireacht | ☐ | (d) sa chócaireacht | ☐ | (1) |

***1.*** Is é a thugtar ar chuardach seandálaíochta ná?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) déantán | ☐ | (b) tochailt | ☐ | |
| (c) carn cúirte | ☐ | (d) fulacht fiadh | ☐ | (1) |

***2.*** Sa saol Ceilteach in Éirinn, draoi ba ea:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) sagart | ☐ | (b) feirmeoir | ☐ | |
| (c) saighdiúir | ☐ | (d) rí | ☐ | (1) |

***3.*** Soilsíonn an ghrian taobh istigh de Bhrú na Bóinne ar:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) 21 Márta | ☐ | (b) 21 Meitheamh | ☐ | |
| (c) 21 Meán Fómhair | ☐ | (d) 21 Nollaig | ☐ | (1) |

***4.*** Cén ceann díobh seo **NACH** cathair í sa Bhrasaíl?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Sao Paulo | ☐ | (b) Rio de Janeiro | ☐ | |
| (c) Maidrid | ☐ | (d) Brasilia | ☐ | (1) |

***5.*** Is é is airde ann ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) fad ón meánchiorcal | ☐ | (b) fad ón bhfarraige | ☐ | |
| (c) airde os cionn leibhéal na farraige | ☐ | (d) an treo a luíonn fána | ☐ | (1) |

***6.*** Cén ceann díobh seo a leanas ar sampla de thionscal éadrom é?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) déantúsaíocht carranna | ☐ | (b) iarann agus cruach | ☐ | |
| (c) longthógáil | ☐ | (d) sliseanna ríomhaireachta | ☐ | (1) |

*7.* Bhunaigh na Lochlannaigh longphoirt in Éirinn. Ba iad seo:

(a) feirmeacha (b) poirt

(c) caisleáin (d) mainistreacha (1)

*8.* Cén grúpa daoine ar bhain an searmanas “dubbing” leo sna Meánaoiseanna:

(a) ridirí (b) mná

(c) daoine bochta (d) manaigh (1)

*9.* Cén ceann díobh seo **NACH** n-úsáidtí chun caisleáin a ionsaí sna Meánaoiseanna:

(a) crann tabhaill (b) reite cogaidh

(c) túr léigir (d) giústáil (1)

*10.* Is é is fairsingiú fásaigh ann ná:

(a) fásach ag leathnú (b) mianadóireacht i bhfásach

(c) lonnú i bhfásach (d) cúrsaí iompair i bhfásach (1)

*11.* Déantar hidrileictreachas a tháirgeadh as:

(a) móin (b) solas na gréine

(c) uisce (d) gual (1)

*12.* Is é a chiallaíonn **P** ar léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis ná:

(a) oifig phoist (b) stáisiún gardaí

(c) páirceáil (d) ionad picnice (1)

*13.* Cén duine díobh seo a raibh baint aige le bunú an C.E.E.?

(a) Robert Schuman (b) Tony Blair

(c) An Ginearál Eisenhower (d) Mao Tse-tung (1)

*14.* Cén duine díobh seo **NACH** raibh ina Ard-Rúnaí ar na Náisiúin Aontaithe?

(a) Kofi Anan (b) Kurt Waldheim

(c) U Thant (d) John F. Kennedy (1)

**(B) AN SAOL IN ÉIRINN RÉAMHCHRÍOSTAÍ AGUS LUATHCHRÍOSTAÍ (6 mharc)**

Scríobh mar gheall ar shaol duine **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Feirmeoir Ceilteach

(b) Gaiscíoch Ceilteach

(c) Taoiseach Ceilteach

(d) Manach in Éirinn fadó

An duine a roghnaíodh ______________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ (6)

**(C)** **TÍORTHA SAN AFRAIC** **(6 mharc)**

**Foinse A**
Déan staidéar ar an tábla thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.

| | An Aetóip | Uganda | An Chéinia | An Nigéir |
|---|---|---|---|---|
| Daonra (m) | 61 | 21 | 29 | 121 |
| Ionchas saoil tráth breithe (blianta) | 43 | 42 | 51 | 53 |
| Ráta litearthachta aosach (%) | 50 | 46 | 27 | 48 |
| Míchothú (% díobh sin faoi chúig bliana; 1992-98) | 48 | 26 | 23 | 39 |

***1.*** Ainmnigh an tír ar an tábla leis an daonra is airde.

______________________________________________(1)

***2.*** Ainmnigh an tír leis na rátaí is measa don litearthacht aosach.

______________________________________________(1)

***3.*** Ainmnigh an tír leis an ionchas saoil is airde.

______________________________________________(1)

***4.*** Cén ráta míchothú naíonán atá san Aetóip?

______________________________________________(1)

***5.*** Luaigh **DHÁ** chúis a bhfuil an ráta míchothú naíonán chomh hard sin san Aetóip.

1.______________________________________________

______________________________________________

2.______________________________________________

______________________________________________(2)

**CEIST 2**

**24 marc**

**Freagair Cuid (A) nó (B)**

**(A) PLANDÁLACHA IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)**

**Foinse A**
Déan staidéar ar an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é:

I mí Dheireadh Fómhair 1649, thosaigh fórsaí Chromail ar Loch Garman a ghabháil. Seo mar a scríobh duine d'fhir Chromail chuig cara dó: *Inné ghabhamar an dún anseo os comhair Loch Garman a bhí os cionn an chuain, agus is linne anois é. Theitheadar isteach i bhfrigéad lámh leis an dún a tiomáineadh isteach ag ár loingeas féin. Ghabhadar an frigéad freisin, árthach nua le Tiarna Aontroma, agus 14 gunna uirthi. Bhí 7 ngunna sa dún. Tá a lán long eile thuas ag an mbaile agus le toil Dé titfidh an baile. Tá 1500 fear curtha isteach sa bhaile acu áit a raibh 2000 cheana féin. Tá talamh breá méith anseo. Níl uainn anois ach breis fear chun seilbh a ghlacadh air. Ba bhreá liom dá mbeadh ár gcuid saighdiúirí i Sasana inár dteannta anseo chun go bhfaighidís seilbh. Íoctar ár gcuid fear go léir go maith – faigheann saighdiúirí ar chapaill 2s. 3d. in aghaidh an lae agus saighdiúirí coise 4s. 10d. in aghaidh na seachtaine. Tagann mórán de mhionuaisle na tuaithe isteach gach lá ag lorg dídine. Tá flít thart ar 20 seol againn anseo os comhair an chuain.*

*1.* Cén uair a thosaigh fórsaí Chromail ar Loch Garman a ghabháil?

_______________________________________________(1)

*2.* Theith na hÉireannaigh i longa ar a dtugtaí frigéid. Ainmnigh úinéir frigéid amháin díobh seo.

_______________________________________________(1)

*3.* Cén fáth ar mhaith leis an scríbhneoir breis saighdiúirí Sasanacha a bheith ann?

_______________________________________________

_______________________________________________(2)

*4.* Cén saighdiúir a fhaigheann an pá is mó – an saighdiúir ar chapall **NÓ** an saighdiúir coise?

_______________________________________________(2)

*5.* Tagann mórán de mhionuaisle na tuaithe isteach sa bhaile ag lorg dídine. Cén fáth a bhfuil dídean uathu dar leat?

_______________________________________________

_______________________________________________(2)

*6.* Mínigh na téarmaí seo a leanas a bhaineann le Plandáil Chromail:


**Eachtránaí** _______________________________________________


_______________________________________________

**An *Down Survey*** _______________________________________________

_______________________________________________(4)

**Foinse B**
Déan staidéar ar an ngraf agus ar an léarscáil thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann.




*7.* Bain úsáid as an ngraf thuas agus luaigh **DHÁ** phointe i dtaobh úinéireacht talún in Éirinn idir 1600 agus 1703.

1.__________________________________________________________________

___________________________________________________________________

2.__________________________________________________________________

_________________________________________________________________(4)

***8.*** Is féidir a fheiceáil ar an léarscáil go raibh Connachta coinnithe mar limistéar le haghaidh *"tiarnaí talún Éireannacha a aistríodh"*. Mínigh cad ba bhrí leis seo.

___________________________________________________________________

___________________________________________________________________

_________________________________________________________________(2)

***9.*** Níor thug Cromail limistéar Uladh ná an limistéar ó dheas ó Bhaile Átha Cliath do thiarnaí talún nua. Mínigh cén fáth a bhí leis seo.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

***10.*** Luaigh **DHÁ** mhórthionchar a bhí ag na plandálacha.

1.____________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

2.____________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Foinse A**
Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann.



*1.* Déan cur síos ar fhásra nádúrtha abhantrach na hAmasóine mar a léirítear é san fhótagraf.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________(2)

*2.* Déan cur síos ar aeráid abhantrach na hAamasóine faoi na ceannteidil thíos:

**Teocht**

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Fliuchras**

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________(4)

**Foinse B**

Léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann.

*Ó na 1960idí i leith tá méadú áirithe tagtha ar dhaonra abhantrach na hAmasóine de réir mar a rinne rialtas na Brasaíle iarracht ar é a choilíniú.*
*Rinne bóithre móra ar nós an Mhór-Bhóthar Tras-Amasóine gearradh trí na foraoiseacha báistí agus scaoileadh na céadta míle lonnaitheoirí isteach ann. Bunaíodh bailte agus feirmeacha in aice leis na bóithre. Ghlan comhlachtaí idirnáisiúnta mearbhia réimsí ollmhóra mar fhéarach do bheithígh le haghaidh burgar mairteola. D'oscail comhlachtaí móra mianadóireachta mianaigh ollmhóra.*
*Ar mhórán bealaí, tubaist is ea coilíniú fhoraoiseacha báistí na hAmasóine. Dúnmharaíodh Ameirindiaigh áitiúla agus rinne 'lucht forbartha' ruathair orthu a chuir as seilbh a dtailte iad. Díothaíodh speicis ainmhithe agus plandaí, de réir mar a rinneadh loisceadh agus glanadh ar limistéir ollmhóra foraoise. Agus an cumhdach foraoise scriosta, ba ghearr go raibh an ithir neamhthorthúil agus á creimeadh ag báisteach throm. Tháinig fuarlach sna haibhneacha agus bhí tuilte coitianta. B'éigean do mhórán lonnaitheoirí teitheadh ón talamh a bhí scriosta acu.*

***3.*** Déan cur síos ar an gcineál oibre ba ghá a dhéanamh chun an Mór-Bhóthar Tras-Amasóine a thógáil.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

***4.*** Ainmnigh **DHÁ** chineál comhlachta a chuaigh i mbun gnó i bhforaoiseacha báistí na hAmasóine.

1.____________________ 2.____________________(2)

***5.*** Liostaigh **CEITHRE** fhadhb ag éirí as tógáil an Mhór-Bhóthair seo.

1.____________________ 2.____________________

3.____________________ 4.____________________(4)

***6.*** Mínigh na téarmaí seo a leanas mar a bhaineann le foraoiseacha báistí na hAmasóine:

**Ameirindiach**______________________________________

______________________________________________

**Comhlacht Ilnáisiúnta** ______________________________

______________________________________________

**Coilíniú**____________________________________________

______________________________________________(6)

***7.*** Cén fáth a gceapann tú gur ceist dhomhanda is ea gearradh na bhforaoiseacha báistí?
Luaigh **DHÁ** phointe.

1.____________________________________________

______________________________________________

2.____________________________________________

______________________________________________(4)

# CEIST 3
**24 marc**

**Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) NÓ (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**

**Foinse A**
Léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann.

*Gach lá, théadh na páistí síos sa mhianach guail dorcha. Théadh cuid acu ag lámhacán ar feadh an tseafta mianaigh go dtí an áit a mbíodh na mianadóiri ag tochailt an ghuail. Lódáilidís cairteacha agus tharraingidís iad go dtí béal an mhianaigh. 'Comhladóirí' a thugtaí ar pháistí áirithe. Thugaidís an lá go léir ina suí ag na comhlaí aeir á n-oscailt agus á ndúnadh chun an t-aer a scaoileadh isteach. Dúirt cailín hocht mbliana d'aois, Sarah Goodber: "Ní thraochann sé mé ach bíonn orm na comhlaí a oibriú gan aon solas agus bím scanraithe. Ní théim a chodladh riamh. Uaireanta bím ag canadh nuair atá solas agam ach ní chanaim sa dorchadas. Bíonn eagla orm canadh an uair sin. Ní maith liom a bheith sa pholl guail."*

***1.*** Déan cur síos ar **DHÁ** chineál oibre a dhéanadh páistí sna mianaigh ghuail.

1.______________________________

______________________________

2.______________________________

______________________________(4)

***2.*** Déan cur síos ar **DHÁ** chontúirt do pháistí a bhíodh ag obair sna mianaigh ghuail.

1.______________________________

______________________________

2.______________________________

______________________________(4)

***3.*** Mheas Lord Shaftesbury nach raibh sé ceart caitheamh le páistí ar an gcaoi seo. D'áitigh sé ar an rialtas dlíthe a achtú chun an saol a fheabhsú do pháistí.
Luaigh **DHÁ** ghné ar tháinig feabhas orthu.

1.______________________________


______________________________

2.______________________________

______________________________(4)

**(B) An Chéad Chogadh Domhanda** **(12 mharc)**

**Fótagraf A**
Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.



Taispeánann Fótagraf A lucht síniúcháin na gconarthaí i bPáras: Foch agus Clemenceau na Fraince, Lloyd George na Breataine, Orlando agus Sonnino na hIodáile. Phléigh siad bealaí chun pionós a chur ar an nGearmáin tar éis an Chogaidh, agus tháinig síniú Chonradh Versailles dá thoradh seo.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** thír a bhfuil ionadaithe acu san fhótagraf.

1.______________________________________________________________________

2.______________________________________________________________________(2)

***2.*** Cén cuspóir a bhí ag an gcruinniú seo?

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________(2)

***3.*** Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir le Conradh Versailles:

**Clásal Chiontacht Chogaidh**

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Íocaíochtaí Cúitimh**

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Limistéar dímhíleataithe**

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Conradh na Náisiún**

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________(8)

**(C) An Dara Cogadh Domhanda** **(12 mharc)**

**Fótagraf B**
Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.



Taispeánann Fótagraf B Churchill na Breataine, Roosevelt na Stát Aontaithe agus Stailín Aontas na Sóivéide ag Comhdháil Yalta mí Feabhra 1945 chun todhchaí na Gearmáine a phlé agus Eagraíocht na Náisiún Aontaithe a bhunú.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** thír a bhfuil ionadaithe acu ag Comhdháil Yalta.

1.________________________________________

2.________________________________________(2)

***2.*** Cén cuspóir a bhí ag an gcruinniú seo?

________________________________________

________________________________________(2)

***3.*** Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir leis an Dara Cogadh Domhanda:

***Deliverance Day (D-Day)***

________________________________________

________________________________________

**Buama Adamhach**

________________________________________

________________________________________

**Na Náisiúin Aontaithe**

________________________________________

________________________________________

**An Cogadh Fuar**

________________________________________

________________________________________(8)

# CEIST 4

**24 marc**

**Freagair na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) MNÁ AG OBAIR SA DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA** **(8 marc)**

**Fótagraf A**
Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.



***1.*** Déan cur síos ar an gcineál oibre atá ar siúl ag na mná i bhFótagraf A.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

***2.*** Scríobh síos **DHÁ** phointe a léiríonn go bhfuil an mhonarcha seo sa domhan i mbéal forbartha.

1.____________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2.____________________________________________________________________

______________________________________________________________________(4)

***3.*** Scríobh síos bealach **AMHÁIN** arbh fhéidir cúinsí oibre a fheabhsú do na mná seo.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

**(B) BEAN AG OBAIR SA DOMHAN FORBARTHA (8 marc)**

**Fótagraf B**

Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.



***1.*** Cén cineál oibre atá ar siúl ag an mbean i bhFótagraf B?

________________________________________________

________________________________________________(2)

***2.*** Scríobh síos **DHÁ** phointe a thaispeánann go léiríonn an fótagraf seo an domhan forbartha.

1.________________________________________________

________________________________________________

2.________________________________________________

________________________________________________(4)

***3.*** Luaigh cúis **AMHÁIN** a mbíonn poist íoctha go maith ag mná sa domhan forbartha i gcomparáid le mná sa domhan i mbéal forbartha.


________________________________________________

________________________________________________


________________________________________________(2)

**(C) IMIRCE** **(8 marc)**

Déan staidéar ar an dá fhótagraf seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanann.



**Fótagraf C**



**Fótagraf D**

***1.*** Tógadh Fótagraf C in Iarthar na hÉireann. Agus fianaise ón bhFótagraf agat, scríobh síos **DHÁ** chúinse a thug ar dhaoine an ceantar seo a fhágáil.

1.______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

2.______________________________________________________________________

_____________________________________________________________________(2)

***2.*** Tógadh Fótagraf D in Mali. Agus fianaise ón bhFótagraf agat, scríobh síos **DHÁ** chúinse a thug ar dhaoine an ceantar seo a fhágáil.

1.______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

2.______________________________________________________________________

_____________________________________________________________________(2)

***3.*** Scríobh síos **DHÁ** thionchar ag an imirce ar Iarthar na hÉireann **NÓ** ar Mali.

Ainm an Réigiúin__________________________________________________________

1.______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

2.______________________________________________________________________

_____________________________________________________________________(4)

# CEIST 5
**24 marc**

Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.

Scrúdaigh an léarscáil S.O. 1:50,000 agus an tAerfhótagraf Daite a thagann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf Béal an Átha, Co. Maigheo.

***1.*** Ainmnigh an abhainn a shníonn trí bhaile Bhéal an Átha.

________________________________________ (2)

***2.*** Cén treo a sníonn an abhainn seo?

| | | | |
|---|---|---|---|
| aduaidh/ó dheas | ☐ | anoir/siar | ☐ |
| aneas/ó thuaidh | ☐ | aniar/soir | ☐ |

(2)

***3.*** Ainmnigh an bóthar tánaisteach náisiúnta a théann trí lár Bhéal an Átha.

________________________________________ (2)

***4.*** Tá dhá oifig phoist i mbaile Bhéal an Átha. Seachas iad seo, taispeánann an léarscáil oifig phoist amháin. Ainmnigh an áit ina bhfuil sé.

________________________________________ (2)

***5.*** Bain úsáid as an léarscáil, agus luaigh tagairt ghreille cheithre fhigiúr do ghabhal an dá bhóthar R310 agus N26 ó dheas ó Bhéal an Átha.

________________________________________ (2)

***6.*** Ríomh an t-achar ar feadh an líne iarnróid ó imeall theas na léarscáile OS go dtí an chéad stáisiún traenach ar imeall bhaile Bhéal an Átha.

____________________________ciliméadar (4)

***7.*** Luaigh **DHÁ** shampla den úsáid talún mar a thaispeántar san fhótagraf.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

***8.*** Bain úsáid as fianaise ón léarscáil O.S. agus/nó ón bhfótagraf, agus luaigh **TRÍ** chúis a mbíonn fonn ar thurasóirí teacht chuig ceantar Bhéal an Átha.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)